Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Márta 2023
(OR. en)

5858/23

LIMITE

CORLX 116
CFSP/PESC 161
CSDP/PSDC 83
MAMA 19
CONUN 27
CSC 58
EUNAVFOR MED 3

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir**
**(EUNAVFOR MED IRINI)**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472[1], lenar bunaíodh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) An 26 Márta 2021, tar éis athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar an oibríocht, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/542[2], lenar cuireadh síneadh, *inter alia*, le EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 31 Márta 2023.

(3) I gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh ar an oibríocht, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur le EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 31 Márta 2025.

(4) Ba cheart diúscairt arm agus ábhar gaolmhar a d'urghabh EUNAVFOR MED IRINI a éascú a thuilleadh.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/472 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 101, 1.4.2020, lch. 4).

[2] Cinneadh (CBES) 2021/542 ón gComhairle an 26 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 108, 29.3.2021, lch. 57).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Maidir le Ballstát a chabhróidh le EUNAVFOR MED IRINI chun airm agus ábhar gaolmhar urghafa a dhiúscairt, glacfaidh sé de chúram air féin, tar éis do EUNAVFOR MED IRINI deimhniú urghabhála a sholáthar, na nósanna imeachta is gá a chur i gcrích a luaithe is féidir chun go bhféadfar na hearraí urghafa a dhiúscairt, faoi chuimsiú an dlí náisiúnta agus na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme. Tabharfaidh EUNAVFOR MED IRINI deimhniú diúscartha don Bhallstát sin.';

(2) in Airteagal 13, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. EUR 16 921 000 a bheidh sa mhéid tagartha do chostais choiteanna EUNAVFOR MED IRINI don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2025. Is 10 % i ngealltanais agus 5 % in íocaíochtaí a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509.';

(3) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Tiocfaidh deireadh le EUNAVFOR MED IRINI an 31 Márta 2025.'.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC